

Príomhtheachtaireachtaí d'altraí

Cúraimí

- Tá tú in áit thábhachtach chun úsáid antaibheathach a fheabhsú trí obair i gcomhar leis an bhfoireann maoirseachta antaibheathach [96].
- Áirítear iad seo a leanas leis na cúraimí atá ort maidir le húsáid antaibheathach a fheabhsú [31,96,97] [comhdhearcadh saineolaithe]:
 - Antaibheathaigh a thabhairt d'othair de réir an oidis;
 - Comhordú a dhéanamh ar thabhairt agus seoladh samplaí micribhitheolaíocha agus ar thuairisc a thabhairt do lianna ina leith;
 - Drochiarmhairtí atá bainteach le teiripe antaibheathach a thuairisciú do lianna agus do choistí athbhreithniúcháin cuí;
 - Cumarsáid a éascú idir lianna, an chógaslann, an tsaotharlann, pleanálaithe scaoilte amach, lianna comhairleacha agus othair;
 - Faisnéis faoi chóireálacha a thabhairt d'othair agus do theaghlaigh;
 - Faireachán a dhéanamh ar stádas othair 24 huair sa lá; agus
 - Stoic antaibheathach a bhainistiú ar do bharda, agus a chinntiú gur féidir úsáid antaibheathacha a rianú [comhdhearcadh saineolaithe].

Na nithe is féidir leat a dhéanamh nó na nithe ar féidir leat dul i mbun comhair ina leith

- Cleachtas tugtha antaibheathach a fheabhsú i gcomhar le dochtúirí agus le cógaiseoirí [96,97].
- Cloí leis na bearta um ionfhabhtú a chosc agus a rialú atá bunaithe i do shuíomh [comhdhearcadh saineolaithe].
- A chinntiú go dtuigeann othair (agus a dteaghlach) an chúis le teiripe antaibheathach agus na pointí tábhachtacha a bhaineann le húsáid antaibheathach, lena n-áirítear iad seo a leanas [31,69] [comhdhearcadh saineolaithe]:
 - Antaibheathaigh a thógáil go díreach mar a oideasaíodh iad;
 - Gan antaibheathaigh a choinneáil dá n-úsáid tráth níos déanaí;
 - Gan antaibheathaigh atá fágtha ó chóireálacha roimhe seo a úsáid; agus
 - Gan antaibheathaigh atá fágtha a chomhroinnt le daoine eile.
- A chinntiú go dtógtar saothráin go cuí agus go seoltar iad chuig an tsaotharlann micribhitheolaíochta sula dtosaítear ar chóireáil antaibheathach [31,42,70].
- A chinntiú go gcuirtear torthaí ón tsaotharlann in iúl go pras don lia cóireála [comhdhearcadh saineolaithe].

8. Meabhrú d'oidesóirí a gcinneadh athbhreithniúcháin do gach othar atá ar antaibheathaigh a thaifeadadh i ndoiciméad tar éis tréimhse 48-72 uair [31,42,69].
9. Eolas a thabhairt don oideasóir nó don chógaiseoir má fheiceann tú gur ag othar atá oideas antaibheathach a bhfuiltear ag leanúint leis tar éis seacht lá gan fad sonraithe a bheith ag gabháil leis [69].
10. Má fheiceann tú baill foirne san ospidéal nó i suíomh cúram sláinte atá ag sárú treoirlínte nó prótacal, fiafraigh díobh cén fáth a bhfuil an méid sin á dhéanamh acu agus tabhair dóibh na hacmhainní a theastaíonn chun a thuiscint cá bhfuil siad ag dul ar strae [69] [comhdhearcadh saineolaithe].
11. Páirt rialta a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna agus i gcruinnithe maidir le húsáid stuama antaibheathach, le bailiú samplaí, agus le hionfhabhtú a chosc agus a rialú [53,96].